# Téacs ó Aoife

**Chuir Aoife téacs chuig cúigear cairde, ag tabhairt cuiridh dóibh rud éigin a dhéanamh. Ansin, chuir gach duine de na cairde sin glao ar ais ar Aoife chun glacadh leis an gcuireadh nó chun diúltú dó. Meaitseáil an comhrá ón mhír leis an téacs thíos, trí uimhir an chomhrá a scríobh sa chiorcal ag bun gach téacs.**

A Phádraig,
Ar mhaith leat dul go dtí an teach tábhairne oíche Aoine? Beidh mé ag caint leat níos moille.
Aoife

A Shíle,
An mbeidh tú saor oíche amárach? Ar mhaith leat dul go dtí an phictiúrlann? Cuir scairt orm níos moille.
Aoife

Haigh, a Nuala,
An mbeidh tú saor maidin Dé Sathairn? Ar mhaith leat dul ag siopadóireacht?
Aoife

A Mháire,
An mbeidh tú saor tráthnóna Dé Domhnaigh? Ar mhaith leat dul chuig seisiún ceoil?
Aoife

Hi Joe
Cad é mar atá tú? Ar mhaith leat dul chuig cóisir Ian liom oíche Shathairn?
Cuir glaoch orm níos déanaí.
Aoife

# Téacs ó Aoife
# Líon na bearnaí


**Éist leis an 5 chomhrá ghutháin arís agus líon na bearnaí sa tábla thíos.**

| | Cén cuireadh? | Glacadh nó diúltú? | An chúis leis an diúltú? | Socruithe casadh le chéile… | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | …áit | …am |
| **Comhrá 1** | | | | | |
| **Comhrá 2** | | | | | |
| **Comhrá 3** | | | | | |
| **Comhrá 4** | | | | | |
| **Comhrá 5** | | | | | |


# Téacs ó Aoife
# Mo théacs féin

**Léigh na téacsanna a scríobh Aoife chuig a cairde arís. Ansin, scríobh téacs chuig cara leat agus tabhair cuireadh dó rud éigin a dhéanamh leat. Ar dtús, an cuimhin leat cad is brí leis na giorrúcháin seo a leanas?**

- **GRMA**
- **n8**
- **7n**



**Anois, léifidh do pháirtnéir a théacs amach duitse. Éist leis agus scríobh freagra ar a théacs:**



# Script

**Comhrá 1**

**Aoife:** Haló! Aoife anseo.

**Pádraig:** Haigh Aoife. Fuair mé do théacs. Tá brón orm. Ba bhreá liom dul go dtí an teach tábhairne oíche Aoine ach ní bheidh mé saor. Beidh breithlá mo dheartháir ann. Céard faoi oíche Dé hAoine seo chugainn?

**Aoife:** Tá sin ceart go leor. Cén t-am a bhuailfimid le chéile?

**Pádraig:** leathuair tar éis a naoi.

**Aoife:** Agus cén áit?

**Pádraig:** Céard faoin teach tábhairne?

**Aoife:** Tá sin go breá. Feicfidh mé ansin tú. Slán go fóill.

**Comhrá 2**

**Máire:** Agus éist, go raibh maith agat as an chuireadh. Ba bhreá liom dul go dtí an seisiún ceoil leat ach tá mé tinn. Tá slaghdán orm le cúpla lá anois.

**Aoife:** Ó a chréatúir, am éigin eile mar sin.

**Máire:** Cinnte. Cuirfidh mé glaoch ort.

**Aoife:** Tabhair aire duit féin. Slán go fóill.

**Comhrá 3**

**Aoife:** Haló! Aoife anseo.

**Joe:** Haigh Aoife. Go raibh maith agat as do théacs. Ba bhreá liom dul chuig an chóisir leat oíche Shathairn

**Aoife:** Ó go hiontach ar fad. Cén t-ám a bhuailfimid le chéile?

**Joe:** Ag a naoi a chlog ag teach Ian. An oireann sin duit?

**Aoife:** Tá sin go breá. Feicfidh mé tú ar a naoi a chlog ag teach Ian mar sin.

**Joe:** Ceart go leor. Slán go fóill.

**Comhrá 4**

**Aoife:** Haló!

**Nuala:** Haigh Aoife. Go raibh maith agat as an téacs. Éist, tá brón orm ach ní bheidh mé saor maidin Dé Sathairn. Beidh mé ag obair ar an drochuair. Céard faoi thráthnóna Dé Sathairn?

**Aoife:** Ó ceart go leor. Tá sin go breá. Cén t-am a bhuailfimid le chéile?

**Nuala:** Timpeall a cúig a chlog.

**Aoife:** Ceart go leor. Cén áit?

**Nuala:** Taobh amuigh de chaifé Bewleys.

**Aoife:** Go hiontach. Tchífidh mé ansin tú. Slán.

**Nuala:** Slán go fóill.

**Comhrá 5**

**Aoife:** Haló! Aoife anseo.

**Síle:** Haigh Aoife. Fuair mé do théacs ar maidin. Tá sin go hiontach. Beidh mé saor oíche amárach agus ba bhreá liom dul chuig scannán. Tá ceann an-mhaith ar siúl sa Savoy ag leathuair ar éis a ocht. Cén t-am a bhuailfimid le chéile?

**Aoife:** Cad faoi a hocht a chlog?

**Síle:** Tá sin go breá. Buailfidh mé leat taobh amuigh den phictiúrlann mar sin.

**Aoife:** Ceart go leor. Feicfidh mé tú ansin ar a 8.00.

**Síle:** Iontach maith. Slán go fóill.